RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1889 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Iúil 2021

lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle maidir le síneadh a chur leis na bearta díolúine sealadacha ó na rialacha maidir le húsáid sliotán i ngeall ar ghéarchéim COVID-19

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón gComhairle an 18 Eanáir 1993 maidir le rialacha comhchoiteanna chun sliotáin a leithdháileadh in aerfoirt an Chomhphobail ([1]), agus go háirithe Airteagal 10a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, tá laghdú géar ar an aerthrácht fós i ngeall ar an titim shuntasach ar an éileamh ar aerthaisteal agus ar bhearta díreacha atá déanta ag na Ballstáit chomh maith le tríú tíortha chun leathnú COVID-19 a choinneáil faoi smacht. Thuairiscigh Eurocontrol go raibh aerthrácht in aerspás LEE measartha cobhsaí sa chéad leath de 2021 agus é isteach agus amach le 38 % de leibhéal aerthráchta 2019 sa tréimhse chomhfhreagrach agus is ar an mbealach aníos atá an treocht. De réir na réamhaisnéise ó Eurocontrol, táthar ag súil go mbainfidh an meán-aerthrácht bliantúil leibhéal amach a bheidh cothrom le 50 % in 2021 agus 72 % in 2022, ar bhonn an cháis réamhaisnéise is réadúla.

(2) Níl neart ag aeriompróirí ar na himthosca sin agus is freagairt riachtanach nó dhlisteanach ar na himthosca sin go gcuirfeadh aeriompróirí aersheirbhísí ar ceal i gcomhréir leis an éileamh síorathraitheach ar bhonn riachtanais nó ar bhonn éigeantach dá bharr.

(3) De bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 10(2), ní mór d'aeriompróirí 80 % ar a laghad de shraith sliotán a leithdháiltear orthu a úsáid, nó caillfidh siad tosaíocht stairiúil do na sliotáin sin, an riail "úsáid é nó caill é" mar a thugtar air. I bhfianaise ghéarchéim COVID-19, agus chun sláinte airgeadais aeriompróirí a chosaint agus chun an tionchar diúltach ar an gcomhshaol atá ag eitiltí folmha nó eitiltí atá beagnach folamh a sheachaint, eitiltí nach n-oibrítear ach chun críche sliotáin bhunúsacha aerfoirt a choinneáil, agus chun na críche sin amháin, cuireadh an riail "úsáid é nó caill é" ar fionraí ón 1 Márta 2020 go dtí an 28 Márta 2021.

(4) An 16 Feabhra 2021, agus i bhfianaise thionchar leanúnach ghéarchéim COVID-19 ar aerthrácht, leasaigh an tAontas Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 chun díolúine bhreise a thabhairt d'aerlínte ón riail "úsáid é nó caill é" le linn thréimhse sceidealaithe shamhradh 2021 tríd an riail a chur ar fionraí go ceann tréimhse breise ón 28 Márta 2021 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021.

(5) De bhun Airteagal 10a(5) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun leasú a dhéanamh ar an tréimhse fionraíochta maidir leis an riail "úsáid é nó caill é" a leagtar amach in Airteagal 10a(3).

(6) Ina theannta sin, de bhun Airteagal 10a(5) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcás ina bhfuil géarghá leis sin chun aghaidh a thabhairt ar thionchar ghéarchéim COVID-19 ar leibhéil aerthráchta, chun an ráta úsáide sliotán a leasú agus é laistigh den raon 30 % agus 70 %.

(7) D'ainneoin méadú a bheith ag teacht de réir a chéile, tá na leibhéil aerthráchta sa chéad leath de 2021 fós íseal i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2019, é isteach agus amach le 38 % ar an meán d'aerthrácht sa tréimhse chomhfhreagrach. Cé go n-aithnítear na deacrachtaí a bhaineann le conair théarnaimh na leibhéal aerthráchta a thuar go cruinn, tá sé réasúnta a bheith ag súil go mbeidh an staid sin ann fós san am atá romhainn amach, am ina mbeidh an bhearna á caolú go seasta idir leibhéal an aerthráchta in 2021 i gcomparáid le 2019. Bunaithe ar an réamhaisnéis 4 bliana ó Eurocontrol an 21 Bealtaine 2021, sa chás is dóchúla, cás ina nglactar leis gur cheart go mbainfeadh an vacsaíniú éifeachtúlacht amach in 2022, bhainfeadh na leibhéil tráchta bhliantúla meán bliantúil amach a bheadh cothrom le 50 % go 72 % de na leibhéil chomhfhreagracha le haghaidh 2019, agus sin in 2021 agus in 2022 faoi seach. Ar bhonn na réamhaisnéisí míosúla ó Eurocontrol atá ar fáil don bhliain 2021 agus ar bhonn mheán bliantúil Eurocontrol le haghaidh 2022, táthar ag súil go mbeidh an leibhéal aerthráchta le linn thréimhse sceidealaithe gheimhreadh 2021/2022 cothrom le 70 % de leibhéil 2019.

([1]) IO L 14, 22.1.1993, lch. 1.

(8) Léiríonn na sonraí a thiomsaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte agus an Lárionad Eorpach um Ghalair a Rialú gur toradh é an laghdú leanúnach ar aerthrácht ar thionchar ghéarchéim COVID-19. Léirítear sna sonraí atá ar fáil go bhfuil comhghaol idir líon na gcásanna atá ag teacht chun cinn agus freagairtí na mBallstát agus tríú tíortha don líon sin atá ag teacht chun cinn, freagairtí a dhéantar trí bhearta a ghlacadh a mbíonn tionchar acu ar aerthaisteal agus a mbíonn laghdú ar aerthrácht mar thoradh orthu. Bearta den sórt sin, ar féidir iad a chur chun feidhme nó a bhaint ar fhógra an-ghearr, cuireann siad le timpeallacht éiginnteachta agus bíonn tionchar diúltach acu ar mhuinín na dtomhaltóirí agus ar an iompraíocht áirithinte.

(9) Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar líon chásanna COVID-19 agus ar leathadh a d'fhéadfadh a bheith ann ar leaganacha malartacha nua, tá sé réasúnta glacadh leis go mbeidh líon suntasach cealuithe ann mar thoradh ar ghéarchéim COVID-19 sa tréimhse sceidealaithe geimhridh atá le teacht, ón 31 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Márta 2022, dá gceanglófaí ar aerlínte a bpunann sliotán iomlán a fheidhmiú i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93.

(10) Is gá, dá bhrí sin, síneadh a chur leis an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 10a(3) de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93 ón 31 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Márta 2022.

(11) An t-éileamh ar thaisteal le linn na tréimhse sceidealaithe geimhridh ón 31 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Márta 2022, d'fhéadfadh sé a bheith fós íseal in ainneoin dul chun cinn na bhfeachtas vacsaínithe, méadú ar an tsábháilteacht taistil, agus tarraingt siar na mbeart a imríonn tionchar ar thaisteal. D'fhéadfadh éileamh seasmhach íseal le linn na tréimhse sceidealaithe geimhridh a bheith ina léiriú ar athruithe struchtúracha fadtéarmacha ar iompraíocht an mhargaidh agus an tomhaltóra. Dá bhrí sin, ar thaobh amháin, ba cheart, leis an ráta úsáide sliotán, iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe ar staid airgeadais na n-aerlínte agus tionchair dhiúltacha ar an gcomhshaol a sheachaint, mar gheall ar eitiltí folmha nó eitiltí atá beagnach folamh agus nach n-oibrítear ach chun cearta stairiúla sliotán a choinneáil, agus ar an taobh eile, dreasachtaí a thabhairt do na haerlínte chun úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainn aerfoirt, nó sliotáin a scaoileadh isteach sa chomhthiomsú d'úsáideoirí eile chun a áirithiú go mbainfear úsáid éifeachtúil as acmhainn aerfoirt.

(12) Thairis sin, ba cheart an ráta úsáide sliotán a shocrú ag ráta lena ráthaítear íosmhéid seirbhísí chun cur le muinín paisinéirí, úsáid éifeachtúil a bhaint as acmhainn aerfoirt le linn na tréimhse sceidealaithe geimhridh 2021/2022 agus nascacht iontaofa a chur ar fáil.

(13) Ba cheart, leis an ráta úsáide sliotán, athruithe struchtúracha fadtéarmacha sa mhargadh agus in iompraíocht na dtomhaltóirí a chur san áireamh freisin, ionas go mbeidh an margadh in ann oiriúnú de réir a chéile don éileamh atá ag athrú agus acmhainneacht a dhíghlasáil do thréimhse sceidealaithe gheimhreadh 2022/2023. Go háirithe, ó tharla gur bhain roinnt aerlínte úsáid as sliotáin *ad hoc* in 2020 agus i dtús 2021 gan sliotáin stairiúla a fháil.

(14) Dá bhrí sin, ba cheart an ráta úsáide sliotán do thréimhse sceidealaithe gheimhreadh 2021/2022 a shocrú ag 50 %.

(15) Cé go nglactar leis go ginearálta go n-oibreodh aeriompróirí arís chomh luath agus a bheadh éileamh ann arís, tá an baol ann mar gheall ar thairseach úsáide níos ísle a bheith ann go ndéanfadh roinnt iompróirí oibríochtaí ag aerfoirt áirithe a theorannú go dtí an leibhéal íosta is gá chun cearta stairiúla sna sliotáin sin a choinneáil, rud a rachadh chun dochair d'iomaitheoirí, d'oibreoirí aerfoirt agus do thomhaltóirí. Dá ndéanfaí roinnt acmhainne aerfoirt a scaoileadh i ngeall ar an ráta úsáide nua sin, ní dócha go gcuirfear isteach go mór ar oibríochtaí ná ar líonraí aerlínte, ach sin mar a bheadh i gcás ráta úsáide níos airde.

(16) Chun críocha na deimhneachta dlíthiúla, go háirithe i gcás comhordaitheoirí sliotán agus oibreoirí aeir, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 10a de Rialachán (CEE) Uimh. 95/93, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I ndáil le sliotáin nár cuireadh ar fáil don chomhordaitheoir lena n-ath-leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 10(2a), le linn na tréimhse ón 28 Márta 2021 go dtí an 26 Márta 2022 agus chun críocha Airteagal 8(2) agus Airteagal 10(2), má léiríonn aeriompróir chun sástacht an chomhordaitheora gur oibrigh sé an tsraith sliotán i dtrácht, faoi mar a d'imréitigh an comhordaitheoir é, ar feadh ar a laghad 50 % den am le linn na tréimhse sceidealaithe ón 28 Márta 2021 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021, agus 50 % den am le linn na tréimhse sceidealaithe ón 31 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Márta 2022, beidh an t-aeriompróir i dteideal na sraithe sliotán céanna don chéad tréimhse sceidealaithe choibhéiseach eile.

I ndáil leis an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír den mhír seo, is é a bheidh sna luachanna céatadáin dá dtagraítear in Airteagal 10(4) agus in Airteagal 14(6), pointe (a), 50 % le haghaidh na tréimhse sceidealaithe ón 28 Márta 2021 go dtí an 30 Deireadh Fómhair 2021, agus 50 % le haghaidh na tréimhse sceidealaithe ón 31 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 26 Márta 2022."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN